Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 25 Eanáir 2022**
**(OR. en)**

**5281/22**

**LIMITE**

**CORLX 18**
**CFSP/PESC 32**
**COASI 9**
**COARM 7**
**CONUN 12**
**FIN 19**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2011/486/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine aonair, ar ghrúpaí, ar ghnóthais agus ar eintiteas áirithe i bhfianaise na staide san Afganastáin |

**CINNEADH (CBES) 2022/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh 2011/486/CBES**
**a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine aonair, ar ghrúpaí, ar ghnóthais agus ar eintiteas áirithe i bhfianaise na staide san Afganastáin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2011/486/CBES ón gComhairle an 1 Lúnasa 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine aonair, ar ghrúpaí, ar ghnóthais agus ar eintitis áirithe i bhfianaise na staide san Afganastáin[1],

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

[1] IO L 199, 2.8.2011, lch. 57.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 1 Lúnasa 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/486/CBES.

(2) An 22 Nollaig 2021, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2615 (2021) lena gcuirtear in iúl gur cúis mhór imní di an staid dhaonnúil san Afganastáin, lena n-áirítear neamhshlándáil an tsoláthair bia agus ag meabhrú di go ndearnadh difear díréireach do mhná, do pháistí agus do mhionlaigh.

(3) Chinn Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, i Rún 2615 (2021) uaithi, nach sárú iad cúnamh daonnúil agus gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine san Afganastáin ar mhír 1(a) de Rún 2255 (2015) ó Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus, ag an am céanna, spreag sí go láidir na soláthraithe atá ag brath ar Rún 2615 (2021) ó Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe chun iarrachtaí réasúnacha a úsáid chun fabhrú sochar ar bith chuig daoine aonair nó eintitis ainmnithe ar Liosta Smachtbhannaí de bhun Rún 1988 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a íoslaghdú, bíodh an fabhrú sin mar thoradh ar sholáthar díreach nó atreorú.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2011/486/CBES a leasú dá réir sin.

(5) Tá gá le tuilleadh gníomhaíochta ón Aontas chun bearta áirithe den Chinneadh seo a chur chun feidhme,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 4 de Chinneadh 2011/486/CBES, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘6. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le cistí, acmhainní eile airgeadais nó acmhainní eacnamaíocha a phróiseáil agus a íoc ná maidir le soláthar earraí agus seirbhísí is gá chun a áirithiú go seachadfar go tráthúil cabhair dhaonnúil agus gníomhaíochtaí eile a thacaíonn le riachtanais bhunúsacha an duine san Afganastáin nó chun tacú le gníomhaíochtaí den sórt sin.’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Arna dhéanamh i/in/sa...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*